Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Meitheamh 2025 (OR. en)**

**10472/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0175 (NLE)**

**ECOFIN 827**
**UEM 319**
**FIN 712**
***ECB***
***EIB***

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 16 Meitheamh 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 327 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE<br>lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) (ST 10161/21 INIT; ST 10161/21 ADD 1) an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Beilge |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 327 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 327 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 16.6.2025
COM(2025) 327 final

2025/0175 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) (ST 10161/21 INIT; ST 10161/21 ADD 1) an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Beilge**

GA GA

2025/0175 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

## lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) (ST 10161/21 INIT; ST 10161/21 ADD 1) an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Beilge

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[1], agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I ndiaidh don Bheilg an plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta ('an plean') a chur isteach an 30 Aibreán 2021, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. D'fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021[2]. Leasaíodh an Cinneadh Cur Chun Feidhme sin ón gComhairle an 8 Nollaig 2023[3], an 10 Nollaig 2024[4], an 18 Feabhra 2025[5], an 11 Márta 2025[6], agus an 27 Bealtaine 2025[7].

(2) An 10 Meitheamh 2025, rinne an Bheilg iarraidh réasúnaithe ar an gCoimisiún togra a dhéanamh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241, ós rud é nach féidir an plean a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh i ngeall ar imthosca oibiachtúla. Ar an mbonn sin, tá plean leasaithe curtha isteach ag an mBeilg.

***Leasuithe bunaithe ar Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241***

(3) Na leasuithe ar an bplean a chuir an Bheilg isteach i ngeall ar imthosca oibiachtúla, baineann siad le 13 bheart.

---

[1] IO L 57, 18.2.2021, lch. 17.
[2] ST 10161/21 INIT; ST 10161/21 ADD 1
[3] ST 15570/23 INIT; ST 15570/23 ADD 1.
[4] ST 15974/24 INIT; ST 15974/24 ADD 1.
[5] ST 5654/25 INIT; ST 5654/25 ADD 1.
[6] ST 6545/25 INIT; ST 6545/25 ADD 1.
[7] ST XXX; ST XXX ADD 1 [cuir isteach uimhir thagartha an Chinnidh Cur Chun Feidhme leasaithigh ón gComhairle agus na hIarscríbhinne a ghabhann leis].

(4) Mhínigh an Bheilg go ndearnadh 13 bheart a leasú chun rogha mhalartach níos fearr a chur chun feidhme lenar féidir an t-ualach riaracháin a laghdú, agus cuspóirí na mbeart lena mbaineann á mbaint amach an tráth céanna. Baineann sé sin le cloch mhíle 42 d’infheistíocht I-1.24: An Comhaontú Gorm, faoi chomhchuid 1.3: An Aeráid agus an Comhshaol; an tuairisc ar infheistíocht I-2.01: ‘Cibearshlándáil agus sochaí dhigiteach athléimneach’ an Stáit Chónaidhme agus sprioc 46 d’infheistíocht I-2.01, faoi chomhchuid 2.1: Cibearshlándáil; cloch mhíle 82 d’infheistíocht I-2.14: Institiúid intleachta saorga a fhorbairt chun an teicneolaíocht sin a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shochaíocha, faoi chomhchuid 2.3: Snáithín optúil, 5G agus teicneolaíochtaí nua; sprioc 99 d’infheistíocht I-3.07: ‘Síneadh meitreo’ Réigiún na Vallúine agus d’infheistíocht I-3.08: ‘Comharthaí bóthair cliste’ Réigiún na Vallúine faoi chomhchuid 3.2: An tAistriú Módach; an tuairisc ar athchóiriú R-3.05 ‘Stáisiúin Luchtaithe – RBC’ Réigiún Príomhchathartha na Bruiséile agus sprioc 121, sprioc 122, agus sprioc 123 d’athchóiriú R-3.05, faoi chomhchuid 3.3: An t-iompar de bhóthar a ghlasú; an tuairisc ar bheart R-4.06: ‘Margadh saothair cuimsitheach’ an Phobail Phléimeannaise, faoi chomhchuid 4.2: Oiliúint agus fostaíocht grúpaí leochaileacha; an tuairisc ar bheart I-4.07: ‘Straitéis athcháilithe’ Réigiún Príomhchathartha na Bruiséile agus cloch mhíle 143 d’infheistíocht 143, faoi chomhchuid 4.2: Oiliúint agus fostaíocht grúpaí leochaileacha; an tuairisc ar bheart R-5.03: ‘Cuntas foghlama’ an Stáit Chónaidhme, faoi chomhchuid 5.1: Oiliúint agus an margadh saothair; an tuairisc ar bheart R-6.01: ‘Athbhreithnithe caiteachais’ an Stáit Chónaidhme, faoi chomhchuid 6.1: Athbhreithnithe Caiteachais; an tuairisc ar bheart R-6.05: ‘Athbhreithnithe caiteachais’ Phobal na Fraincise, faoi chomhchuid 6.1: Athbhreithnithe Caiteachais; cloch mhíle 228 d’athchóiriú R-7.02: ‘Athchóiriú ar an nós imeachta achomhairc chuig an gComhairle Stáit’ leis an Stát Cónaidhme, faoi chomhchuid 7.3: Fuinneamh in-athnuaite. Ar an mbonn sin, d’iarr an Bheilg go leasófaí na clocha míle, na spriocanna agus na tuairiscí ar na bearta thuasluaite. Thairis sin, d’iarr an Bheilg go gcuirfí síneadh le hamlíne cur chun feidhme chloch mhíle 226 faoi bheart I-7.15 ‘Cnámh droma le haghaidh H2’ leis an Stát Cónaidhme faoi chomhchuid 7.2: Teicneolaíochtaí fuinnimh nua atá ag teacht chun cinn. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(5) Measann an Coimisiún, leis na cúiseanna arna gcur chun cinn ag an mBeilg, go bhfuil údar maith leis an leasú/na leasuithe de bhun Airteagal 21(2) de Rialachán (AE) 2021/241, agus gur cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

***Dáileadh cloch míle agus spriocanna***

(6) Ba cheart dáileadh na gcloch míle agus na spriocanna i dtráthchodanna a mhodhnú chun na leasuithe ar an bplean agus an amlíne tháscach a chuir an Bheilg i láthair a chur san áireamh.

***Ceartúcháin ar earráidí cléireachais***

(7) Sainaithníodh aon earráid chléireachais amháin i dtéacs an Chinnidh Cur Chun Feidhme ón gComhairle, lena ndéantar difear d’aon bheart amháin faoi aon chomhchuid amháin. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú chun an earráid chléireachais sin a cheartú, earráid nach léiríonn ábhar an phlean a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin an 13 Iúil 2021, mar a comhaontaíodh idir an Coimisiún agus an Bheilg. Baineann an earráid chléireachais leis an tuairisc ar an mbeart seo a leanas v1: Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha faoi chomhchuid V. Iniúchadh agus

Rialú. Ní dhéanann na ceartúcháin sin difear do chur chun feidhme na mbeart lena mbaineann.

*Measúnú an Choimisiúin*

(8) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean leasaithe i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

(9) Measann an Coimisiún nach ndéanann na leasuithe a chuir an Bheilg chun cinn difear don mheasúnú dearfach ar an bplean a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (ST 10161/21 INIT; ST 10161/21 ADD 1) ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Beilge maidir le hábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3), pointí (a), (b), (c), (d), (da), (db), (e), (f), (g), (h), (i), (j) agus (k).

*Measúnú dearfach*

(10) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe agus an toradh a bhí air, mar atá, go gcomhlíonann an plean go sásúil na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a chur chun feidhme a leagan amach, iad sin agus na clocha míle, spriocanna agus táscairí ábhartha, agus an méid a chuirtear ar fáil ón Aontas i bhfoirm tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha le haghaidh chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe.

*Ranníocaíocht airgeadais*

(11) Is é EUR 5 279 567 854 costais iomlána mheasta phlean leasaithe na Beilge. Ós rud é go bhfuil méid chostais iomlána mheasta an phlean leasaithe níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais cothrom le dáta atá ar fáil don Bheilg, an ranníocaíocht airgeadais iomlán arna suí i gcomhréir le hAirteagal 4a de Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8], Airteagal 20(4) agus Airteagal 21a(6) de Rialachán (AE) 2021/241 arna leithdháileadh ar phlean leasaithe na Beilge, ba cheart gurb é EUR 5 033 950 235 an méid sin. Dá bhrí sin, níl aon athrú ar an ranníocaíocht airgeadais a chuirtear ar fáil don Bheilg.

*Iasachtaí*

(12) Níl aon athrú ar an tacaíocht iasachta a chuirtear ar fáil don Bheilg, ar tacaíocht í dar luach EUR 244 200 000.

(13) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (ST 10161/21 INIT; ST 10161/21 ADD 1) ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Beilge a leasú dá réir. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin ón gComhairle a ionadú go hiomlán,

---

[8] Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2021 lena mbunaítear an Cúlchiste Coigeartaithe Brexit (IO L 357, 8.10.2021, lch. 1)

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Beilge mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

'*Airteagal 1*

*Formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta*

Formheastar an measúnú ar phlean modhnaithe na Beilge ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241. Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta faoin bplean, na socruithe agus an t-amchlár i ndáil le faireachán a dhéanamh ar an bplean agus é a chur chun feidhme, lena n-áirítear na clocha míle agus na spriocanna ábhartha agus na clocha míle agus na spriocanna breise a bhaineann le híoc na hiasachta, na táscairí ábhartha a bhaineann le comhlíonadh na gcloch míle agus na spriocanna atá beartaithe, agus na socruithe chun rochtain iomlán ar na bunsonraí ábhartha a sholáthar don Choimisiún.';

(2) cuirtear an téacs san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne.

*Airteagal 2*
*Seolaí*

Is chuig Ríocht na Beilge a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*